Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/1260

2.3.2026

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an 23 Feabhra 2026**

**maidir leis an gcúigiú comhalta lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta a cheapadh**

(C/2026/1260)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 291(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1620 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 63 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/1620 lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta ('an tÚdarás').

(2) Déantar foráil in Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2024/1620 maidir le Bord Feidhmiúcháin an Údaráis, atá comhdhéanta de Chathaoirleach an Údaráis agus de chúigear comhaltaí lánaimseartha, lena n-áirítear an Leas-Chathaoirleach. Tá an cúigear comhaltaí lánaimseartha sin le ceapadh ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, tar éis do Bhord Ginearálta an Údaráis togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, bunaithe ar an ngearrliosta d'iarrthóirí cáilithe arna tharraingt suas ag an gCoimisiún, agus tar éis do Pharlaimint na hEorpa an togra sin a fhormheas. Déantar foráil san Airteagal sin freisin go mbeidh téarma oifige 4 bliana ag an gcúigear comhaltaí lánaimseartha den Bhord Feidhmiúcháin.

(3) An 22 Bealtaine 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme ([2]) maidir le ceathrar comhaltaí lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis a cheapadh.

(4) An 12 Samhain 2025, d'ullmhaigh an Coimisiún gearrliosta iarrthóirí chun an cúigiú comhalta lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis a cheapadh, agus chuir sé ar fáil do Pharlaimint na hEorpa é. Cuireadh an Chomhairle ar an eolas faoin ngearrliosta an lá céanna.

(5) An 9 Nollaig 2025, ghlac Bord Ginearálta an Údaráis togra chun Henrica Maria VERBEEK-KUSTERS a cheapadh mar chomhalta lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis, agus chuir sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa é lena fhormheas. An 18 Nollaig 2025, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa an togra maidir le comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis a cheapadh.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, an cúigiú comhalta lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis a cheapadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Henrica Maria VERBEEK-KUSTERS ina comhalta lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta le haghaidh téarma oifige 4 bliana ón 1 Aibreán 2026.

([1]) IO L, 2024/1620, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1620/oj
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) ón gComhairle an 22 Bealtaine 2025 maidir le ceathrar comhaltaí lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta a cheapadh (IO C, C/2025/2998, 26.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2998/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Feabhra 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. PANAYIOTOU